NoBoCap

# NoBoCap - Acmhainn Mhéadaithe na gComhlachtaí dá dTugtar Fógra



NoBoCap

## Príomhsprioc NoBoCap

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal NoBoCap, atá cistithe faoin gClár EU4Health (EU4H), inrochtaineacht agus acmhainn na gComhlachtaí dá dTugtar Fógra agus an Tionscail Feistí Leighis a fheabhsú chun sainchomhaid a chur isteach, a athbhreithniú agus a cheadú go héifeachtúil i gcomhthéacs an Rialacháin maidir le Feistí Leighis agus an Rialacháin maidir le Feistí Leighis Diagnóiseacha In Vitro. Dá réir sin, áirithíonn NoBoCap na conairí le haghaidh nuálaíocht Theicneolaíocht an Leighis san Eoraip.

## Príomh-Aschuir a bhfuiltear ag Súil leo ó NoBoCap

- Cúrsaí oiliúna fadtéarmacha agus gearrthéarmacha ar thopaicí ardtosaíochta d'earcaigh nua agus do shainfhórsa saothair i gComhlachtaí dá dTugtar Fógra agus in Oibritheoirí Margaidh araon, seisiúin chóitseála agus seisiúin intéirneachta;
- Ardán meaitseála NoBoCap lena nasctar Oibritheoirí Margaidh leis na Comhlachtaí cuí dá dTugtar Fógra.

## Cé na tairbhí do Chomhlachtaí dá dTugtar Fógra agus do Chomhlachtaí um Measúnú Comhréireachta?

**Forbairt foirne na gComhlachtaí dá dTugtar Fógra agus na gComhlachtaí um Measúnú Comhréireachta**

CONAS

- Cúrsaí oiliúna fadtéarmacha agus gearrthéarmacha;
- Intéirneachtaí;
- Meaitseáil.

Bainfidh Comhlachtaí dá dTugtar Fógra agus Comhlachtaí um Measúnú Comhréireachta leas as seo tríd an éileamh ar a gcuid seirbhísí a mhéadú, tríd an gcáil atá orthu a fheabhsú, trí rialú cáilíochta a fheabhsú, agus trí rochtain mhargaidh a mhéadú dá gcliaint. Le modúil thiomnaithe oiliúna, méadófar acmhainn na gComhlachtaí dá dTugtar Fógra chun seirbhísí a sholáthar le haghaidh teicneolaíochtaí nua agus le haghaidh teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Ar deireadh, tá clár tiomnaithe post ina chabhair dóibh agus iad ag iarraidh baill foirne nua a mhealladh a bhfuil scileanna boga agus crua leordhóthanacha acu.

**Cé na tairbhí a bhaineann leis an oiliúint fhadtéarmach agus ghearrthéarmach do na príomh-gheallsealbhóirí?**

CONAS

## Gearrthéarma:

- Comhlachtaí dá dTugtar Fógra: rochtain ar oiliúint teicneolaíochta láithreach;
- Comhpháirtithe oiliúna: oiliúint a bhfuil ardluach léi maidir le fostaíocht d'iarratasóirí;
- Oibritheoirí Margaidh: feabhas a chur ar cháilíocht na gcomhad a chuirtear isteach;
- Ceangail tionscail: forbairt scileanna sa tionscal Feistí Leighis a chur chun cinn.

CONAS

## Fadtéarmach:

- Comhlachtaí dá dTugtar Fógra: Cáilithe chun freastal ar na custaiméirí/ar an tionscal agus fanacht ailínithe le forbairtí teicneolaíocha, amhail intleacht shaorga;
- Comhlachtaí dá dTugtar Fógra: Rochtain a bheith acu ar bhaill foirne nach dteastaíonn an oiread chéanna oiliúna uathu (rud a thógann suas le bliain amháin faoi láthair);
- Comhlachtaí dá dTugtar Fógra: Meaitseáil chuí chun forchostais riaracháin a laghdú;
- Nuálaithe/Oibritheoirí Margaidh: Sásra soiléir um réimsí saineolais a shainaithint go tráthúil le haghaidh conairí éifeachtúla rialála;
- Comhpháirtithe oiliúna, ceangail tionscail, agus córais cúram sláinte: breisoiliúint a chur ar fhórsa saothair an tionscail Feistí Leighis.

**Ardán meaitseála NoBoCap lena nasctar Oibritheoirí Margaidh leis na Comhlachtaí cuí dá dTugtar Fógra.**

## Cé na tairbhí d'Oibritheoirí Margaidh?

### Forbairt foirne na n-oibritheoirí margaidh

CONAS

- Cúrsaí atá dírithe ar bhaill foirne theicniúla ar mheastóireacht theicniúil agus chliniciúil chun na sainchomhaid a ullmhú ar bhealach níos fearr;
- Oideachas rialála fadtéarmach chun baill foirne an tionscail a ullmhú do phoist i gComhlachtaí dá dTugtar Fógra.

Is féidir le feabhas ar rochtain na nOibritheoirí Margaidh ar Chomhlachtaí dá dTugtar Fógra cabhrú lena chinntiú go gcomhlíonann Feistí Leighis agus diagnóisic In Vitro na ceanglais rialála agus go bhfuil siad sábháilte agus éifeachtach dá n-úsáid bheartaithe.
Leis an acmhainn mhéadaithe, giorrófar an t-am chun dul chun an mhargaidh agus méadófar an chost-éifeachtúlacht atá i gceist le teicneolaíochtaí nuálacha nua a thabhairt chun an mhargaidh.
Is féidir é sin a bhaint amach trí bhearta amhail an líon Comhlachtaí dá dTugtar Fógra a mhéadú, an próiseas um measúnú comhréireachta a chuíchóiriú, feabhas a chur ar an gcumarsáid idir Comhlachtaí dá dTugtar Fógra agus Oibritheoirí Margaidh, agus a chinntiú go bhfuil an saineolas agus na hacmhainní is gá ag Comhlachtaí dá dTugtar Fógra chun seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar.

## Cé na tairbhí a ghabhann le hardán NoBoCap?

### Riachtanas Margaidh

CONAS

- Ardán chun na riachtanais láithreacha agus amach anseo do Chomhlachtaí dá dTugtar Fógra sa tionscal Teicneolaíochtaí Leighis agus sa tionscal Feistí Leighis Diagnóiseacha In Vitro a ghabháil;
- Riachtanais earcaíochta inniúlachtaí bhaill foirne na gComhlachtaí dá dTugtar Fógra a mheaitseáil le hiarratasóirí ionchasacha;
- Earcaíocht na bpearsan a bhfuil inniúlachtaí scile agus iompraíochta acu a spreagadh le haghaidh róil comhlíonta rialála i gComhlachtaí dá dTugtar Fógra agus in Oibritheoirí Margaidh araon.

**NoBoCap**

is comhghuaillíocht uathúil de 11 bhall é ina bhfuil: 3 institiúid acadúla, 4 bhraisle sláinte, 2 fhiontar bheaga agus meánmhéide, 1 fhiontar mór, agus 1 cheannaire domhanda is Comhlacht dá dTugtar Fógra.

## Comhordaitheoir an Tionscadail

ROHEALTH The Health and Bioeconomy Cluster

## Comhpháirtithe

SGS

Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath – TU Dublin – Technological University Dublin

Ghent University

iVITA Health Technology Cluster

HBio Hellenic Bio Cluster

ALTFACTOR Educationally Yours

EU 4 Health Solutions

biovia Health Innovation Cluster

George Emil Palade University of Medicine, Pharmacy, Science, and Technology of Targu Mures

Co-funded by the European Union

Arna Chistiú ag an Aontas Eorpach. Is iad tuairimí agus barúlacha an údair/na n-údar amháin iad na tuairimí agus na barúlacha a chuirtear in iúl, áfach, agus ní gá go léirítear iontu tuairimí agus barúlacha an Aontais Eorpaigh ná na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú (HADEA). Ní féidir an tAontas Eorpach ná an t-údarás deonúcháin a choinneáil freagrach astu.

# Tá comhpháirtithe NoBoCap lonnaithe i 5 thír ar fud na hEorpa: an Bheilg, Éire, an Liotuáin, an Ghréig, an Rómáin

## An Eoraip ag obair le chéile chun cáiliú le haghaidh deimhniú a thabhairt!




#NoBoCap
#Qualify2Certify

www.nobocap.eu